

Leitir Mealláin le John Bhaba Jeaic Ó Confhaola

Tá Leitir Mealláin suite siar ó Gharmuna. Ceantar cósta atá an-fhiáin ar a bhfuil go leor oileáin. Tá an talamh bocht ach bhí neart saothrú le baint i gconaf as an bhfarraige. Sé Foirnis agus an Chrapach na h-oileáin is mó. Daighnis, Inis Oirc, Fraoch Oileán Beag agus Fraoch Oileán Mór, Ceann Golaim agus Oileán Chaisín.

Tá sé nó seacht de oileáin bheaga thimpeall an cheantair. Bhíodh go leor smugleáil ar siúl ann fadó. Ceantar mór poitín, iascaireacht agus déanamh ceilpe an tslí mhaireachtála a bhí ag na daoine, bhí neart sliogéisc freisin le fáil sna cuanta. Púcáin agus báid iomra is mó a bhíodh sa gceantar le haghaidh baint fheamainne i gcomhar leasú fataí.

Tús ama:

Tosaíonn stair Leitir Mealláin i 1574 le 'Ochaghy' (O Flátharta).

Moragh Mac Aodh:

Tá cáipéisí ann a léiríonn go raibh Moragh Mac Aodh ina chonaí sa gceantar i 1584. Thóg sé Caisleán ann, ó dheas do Reilig Chúigéil. Ceaptar gur maraíodh i gCath Chionn tSáile é agus gur ag nia leis a fágadh an caisleán atá leagtha ó shoin.

Tower Cheann Golaim:

Tógadh Tower Cheann Golaim in 1804 ar Oileán Gholaim, 'Martello Tower'. Sé 'Rear Admiral Whitshed Flagannon' a leag amach an phlean le haghaidh é a thógáil. Sé bliana a thóg sé orthu an tower atá trí stóir ar airde a thógáil ar chostas £540.

Bhí na túir seo tógtha timpeall an chósta mar a raibh feiceáil ar aon chontúirt a bheadh ag teacht ón bhfarraige agus bhí córas acu leis seo a chur in iúl dá chéile. Dá bhfeicidís aon bhád ag teacht chrochadís bratach mór bán, mar a bheadh seol ann, d'fheicfeadh an tower eile a bhí i nÁrainn an bratach agus chrochadís sin bratach go mbeadh a fios ag muintir Co. an Chláir go raibh an naimhaid ag teacht.

Sloinnnte:

Léirigh suirbhé a déanamh i Leitir Mealláin in 1829 gur Audley, Bairéad, Ó Flatharta, Mac Donncha, Peircín, Ó Tuathail agus Breathnach na sloinnnte a bhí in san gceantar. Ba é Nioclás Ó Loingsigh an Tiarna Talún ag an am.

Henry Commerford:

I 1840 tháinig Henry Commerford go Leitir Mealláin mar Thiarna Talún, ar Leitir Mealláin agus ar na h-oileáin timpeall. Ba fear mór gnó a bhí ann i nGaillimh agus freisin i Leitir Mealláin.

Cheannaigh Henry Commerford an Brig St. John, le airgead a dhéanamh as a bheith ag rith paisinéirí go Meiriceá, agus ag tabhairt tae, siúcra, tobac agus gach ní a theastaigh le h-aghaidh siopaí i Leitir Mealláin agus i nGaillimh ar ais.

An Brig St. John:

Ar an 5 Meán Fómhair 1849, d'fhág an Brig St. John Gaillimh le haghaidh a thabhairt go Meiriceá. Thóg sí daoine i Leitir Mealláin ar an mbealach. Bhí 166 duine ar bord ach chríochnaigh an turas go tubáisteach. Chuaigh an Brig St. John ar na carraigeacha amach ó chósta Chohassat ar an 7 Deireadh Fómhair 1849. Dhá dhuine is fiche a tháinig slán asti. Bhí cur síos sna páipéir áitiúla ar an tragóid, san *Galway Observer* agus sa *Freeman's Journal*. Tá tuairiscí faoi an tragóid freisin ag lucht an árachais *Lloyds* i Londain.

Rankine:

Bhí fear cáilúil ag fanacht i mBaile na Cille, 'Rankine' a bhí air, agus is ag múineadh ceird na hiascaireachta do mhuintir an cheantair a bhíodh sé. *Rankine's Pass* a bhí air an áit a bhfuil droichead Chuigéil anois. Tá Cora Rankine ó thuaidh do Óst na nOileáin. Ba aige a bhí an tÓstán *Hotel of the Isle's*, Óst na nOileáin anois. Bhí trí Bhrig ag Rankine agus bhíodh sé ag tarraingt daoine go Meiriceá agus go Ceanada

Daonra Leitir Mealláin:

	1831	1891	1841	1901	1951	1971	2006
CRAPPAGH	39	31	0	0	0	0	0
DINISH	74	50	59	56	35	12	0
FURNISH	135	130	155	103	85	68	65
LEITIR MEALLÁIN	626	549	587	533	320	221	213
INISERK	47	40	49	32	29	13	0
	941	800	950	724	469	314	278



Pics. le John Bhaba Jeaic

Thuas: Jack Cluanáinn, Maltais Bairead & a mhac Mark & a Iníon Catherine.
(Fuair Mark Barrett bás i mí Aibreán na bliana seo.
Go ndéanamh Dia trócaire air).

Thíos: Bidín a' Chlochartaigh nó Delia Cloherty
— file & amhránaí

mhuintir na háite. Bhí an *Duke of Edinburgh* ar bord a deirtear agus thug sé éadach agus bia do mhuintir na háite.

An Julia:

I 1886 bhuail an "Julia", bád a bhí lochtaithe le adhmaid, carraig ag Tower Ceann Golaim. Tháinig báid as chuile áit ag tabhairt leo an adhmaid, ach bhí an mí-ádh orthu. Bhí an Garda Cósta ag tabhairt aire don bhád agus thosaigh said ag caitheamh urchair. Caitheadh fear as an Aird agus goineadh fear as an Oileán Maiseán agus fuair sé bás sul má shroich sé baile.

Bhí bád seoil a d'fhág fear ina diaidh. Bhí an fear ag saigh amach sail adhmaid nuair a thosaigh urchair á gcaitheamh. Ní raibh ag an dream sa mbád ach an bád a chuir chun seoil agus imeacht leo. Tháinig siad á dtoraíocht lá arna mháireach agus fuair siad ina bheatha é fós ar an tsail, siar ag Carraig a' Meacain.

Colm Trayers:

Bhí Colm Trayers ag tógáil 'Nobbies' i gCúigéil. Thóg sé cheithre nobby ann ó 1886 go dtí 1902 – "St. Festus" (1899), "St. Columcille" (1899), "St. Ronan" (1901) agus an "Lettermore" (1902).

Nobbie's:

Bhí nobby eile in Inis Oirc ag Joe Mhaitias Ó Flatharta, an "Brigid Head". Fuair sé í i 1923 agus bhí ceann sa Trá Bháin ag Na Ceallaigh – *An Naomh Ríocht*. Ach an Nobby deireanach a bhí i gceantar na hOileáin, ba ag Máirtín Bhearthlín Ó Conghaile as an Teach Mór agus a mhac Peaitín a bhí sí – *An Colmcille*. Bhí sé ag tarraingt stuif aimsir an Dara Cogadh Domhanda ag na siopaí áitiúla, agus ag Monica Beag i dTír an Fhia. Thit sí i Leitir Mealláin ag tús na 50aidí.

Báid eile:

Bhíodh bád ag teacht go Cuan Inis Oirc an "Alice Swifter" ag tógáil gliomaigh. Ba le Scallán as Baile Uí Bheachain í. Bhí Bearthla Gill ina Chaptean uirthi agus bhí John Dirane, Stíofán Stephen agus Micheál Ó Cualáin inti freisin. Bád 50 troigh, bhí seolta agus inneall inti. Bhíodh sí ag teacht sna 40aidí agus 50aidí.

Salt House:

Bhí teach salainn san áit a bhfuil Teach an Phosta anois le haghaidh iasc a shaille, Tí Khate Keane. Tá tagairt dó san amhrán *Peigín Audley*.

An "Wellington," an "Midas" agus an "Victoria" an t-ainm a bhí ar na trí bhád. Thug an "Wellington" an chéad turas go St. John's i New Foundland i 1846 agus ba é an Captaen Carry an captaen a bhí uirthi. Thug an "Victoria" turas go St. John's i 1846 faoi stiúir an Chaptaen Price agus an "Midas" i 1847 faoi an gCaptaen Stitt.

Máirtín Mór Mac Donncha:

Tháinig Máirtín Mac Donncha as an Talamh Bán go Oileán an Chrapaigh i 1855. Phós mac leis, Réamonn (Réamonn Mhór) Kitty Ó Flatharta. Bhí mac acu ina shagart, an tAthair Réamonn Mac Donncha a rugadh i 1841 agus a fuair bás i 1914 in Uachtar Ard. Bhí mac ag Mary Mac Donncha (deirfiúir do Réamonn Mór) as an gCrappach agus Michael Commerford, an tAthair Isaac a rugadh i 1859 agus a fuair bás i 1886. Tá sé curtha thíos in Inis Stiomáin. Bhí deirfiúir ag an Athair Isaac, Kate. Phós sí Tom Conroy as Rosmuc, athair an scríbhneoir cáiliúil Sean-Phádraig Ó Conaire.

An tAth. Marcus Ó Conaire:

In 1884, tháinig an tAth. Marcus Ó Conaire go Leitir Mealláin. Rugadh an tAth. Marcus i Rosmuc i 1858. Ba chuide de Chonroy's an tsiopa é. Bhí ar Séipeal agus Scoil nua a thógáil i Leitir Mealláin agus teach do mhuinteoir scoile. Bhí airgead an-ghann ag an am. Thóg sé an Séipeal i 1887 agus an scoil ag an am céanna.

Cuireann an tAthair Marcus síos ina a chuid scríbhíní ar bád a tháinig go Cuan Chaisín, an "Valarie", a bhí uirthi le haghaidh fórait a dhéanamh ar



Pics. le John Bhaba Jeaic

Thuas: Peaitín Sheáin Mac Donncha, Máire John Uí Chualáin, Baba Seoighe (Bean Pheaitín Sheáin), Péige John Mhaoile, Sonai Joe Audley, Pat Sheáin Ainde.

Thíos: Pat Sheáin Ainde Mac Donncha

Droichead Leitir Mealláin & Gharumna:

Tógadh droichead idir Leitir Mealláin agus Garumna i 1903 ar chostas £130. Chosnaigh sé £3,585 na bóithre agus na droichid eile a dhéanamh isteach go ceantar Leitir Mealláin.

An Daingean: £415 a chosain Droichead an Daingin lena thógáil.

Ruairí Mac Easmuinn 1910 – 1916: Rinne Ruairí Mac Easmuinn obair mhóir ar son Cheantar na n-Oileán. Thug sé na meáin siar le haghaidh an bhochtanaís a thaispeáint dóibh.

Bhreachnaigh sé amach do na gasúir scoile agus bhailigh sé airgead don dream bocht i gCeantar na n-Oileán. Bhíodh sé ag fanacht i nOstán na n-Oileán.

An Chéad Chogadh Domhanda:

Bhí go leor fir as Leitir Mealláin ag tróid sa gcéad Chogadh Domhanda, Jack Cluanáinn, Colm Cluanáinn, Máirtín Ó Direáin, Michael Pheadair Ó Laoi. Colm agus Máirtín Ó Bearra.

Tá Colm Ó Bearra curtha i dTeampall Cuimhneacháin i Somme na Fraince. Fuair sé bás ar an 3 Meán Fomhair 1916, le linn dó a bheith ag troid i Guillemont na Fraince.

Maríodh fear eile Colm Ó Flatharta as Daighinis ar an 11 Samhain 1917, aois 33 bliain, tá sé curtha i Portsmouth i Sasana.

Scríbhneoirí:

Ar na scríbhneoirí a tháinig as an gceantar, bhí Peadar Ó Direáin a scríobh na leabhair 'Scéalta na n-Oileán agus scéalta Leitir Mealláin.'

Tá lear mór leabhair foilsithe ag Colm Ó Ceallaigh. Tá cáil mhór bainte amach ag Antaine Ó Flatharta mar scríbhneoir. Scríobh Pádraig Mac Donncha agus Pádraig de Bhaldraithe leabhra freisin. Tá cáil domhanda agus gradam Oscar bainte amach ag Martin McDonagh lena chuid dramaí. Ba as Leitir Mealláin muintir Mhartín agus chaith sé fhéin píosaí móra i Leitir Mealláin nuair a bhí sé ina ghasúr.

Filí:

Bhí filí maith sa gceantar freisin, Colm de Bhailís, Baba Seoighe, Bidín a' Chlochartaigh, Nan Seoighe as an gCnoc, Páidín Bheartla Val as Pol Uí Mhuirín.

Lucht Leidhis:

Bhí fear deasú cnámha a raibh cáil mhór air, Máirt Mhicil Phatch Ó Mochán agus a dheartháir Seán. Thagadh daoine as chuile áit in Éireann go dtí é le haghaidh leigheas, bhí sé thar barr. Bhí Josie Bheathlín Joe Ó hEidhin ón gCnoc ag tógáil cléithín.

Báthadh 1938:

I mí Lúnasa 1938 bádhadh triúr fear as Árainn a bhí tar éis a theacht as Cruach Phádraig. D'fhág siad Leitir Mealláin ag a sé a chlog ar maidin. Ní raibh siad míle amach as Leitir Mealláin nuair a báthadh an bád. Bhí máistir scoile, Micheal J. Flannagan, príomhoide Scoil Eoghnachta in Árainn, Séamús Ó Flaithearta agus John Ó Direáin ar bord.

Bhí leath chéad punt le fáil ag aon duine a gheobhaidh corp an mháistir a fháil, ach ní bhfuair ná aon duine acu riamh.

Monarcha Cníotála:

Bhíodh monarcha cniotála i mBaile na Cille sna 40aidí. Chuaigh sé tré thine agus níor aththógadh é ina dhiaidh sin.

An Watch House:

Tógadh an "Watch House" i gCaladh Gholaim sna 40aidí le linn an dara Cogadh Domhanda. Is ann a bhí an chéad fón i gCeantar na n-Oileán.

Óst na nOileán (Tigh Lee)

Leitir Mealláin, Co. na Gaillimhe

ÓSTÓIR

Fón: 091-551161



Síneadh ama sa mBeár

Go n-éirí go geall leis an bhFéile